# Ráitis maidir le Caomhnú Leanaí

**Réamhrá:** Tá an Ráitis seo ceangailte go dlúth le ráiteas misin na scoile ina bhfuil sé mar aidhm againn timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachta, fisiciúil, morálta, spioradálta, aeistéitiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíor-thábhacht le caomhnú leanaí maidir le gach gné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile Choláiste Naomh Feichín.

Coláiste Naomh Feichín: Is Iar-bhunscoil an scoil seo a chuireann ar fáil oideachas Iar-bhunscoile do dhaltaí ón gCéad Bhliain go dtí Bliain na hArdteistiméireachta.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*, agus Treoir THUSLA maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a Chur le Chéile, tá toilithe ag Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.

1. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017* na Roinne agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.

2. Is í an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná **Gearóidín Ní Chonghaile.**

3. Is í an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (L/DIA) ná **Eibhlín Uí Mhainín**.

4. Admhálann an Bord Bainistíochta go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí na scoile. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:
   Déanfaidh an scoil:
   - glacadh leis go bhfuil fíor-thábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
   - comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí
     2015 agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;

- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leas leanaí;
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go mbainfeadh díobháil nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa mbaol go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

5. Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas. Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas ar bun:

- I gcas baill ar bith den fhoireann is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith linbh atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gcaibidil 7 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus leis na nósanna imeachta ábhartha araíonachta do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne.

- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn an scoil le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir leathan maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha insna ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda a bhaineann le grinnfhiosrúchán agus earcaíocht agus atá arna bhfoilsiú ag an ROE agus le fáil ar shuíomh idirlín na ROE.
- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an scoil na nithe seo a leanas -

    - Cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann
    - A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann
    - Lucht foirne a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí
    - Comhaltaí den Bhord Bainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí
    - Coimeádann an Bord Bainistíochta taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus ar chomhaltaí den Bhord

- Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do THUSLA, ní mór do gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* ar a n-áirítear, i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Sa scoil seo tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.

- Daoine sainordaithe is ea gach múinteoir cláraithe arna fhostú ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do leanbh a bheadh ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.

- Is féidir rochtain ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo trí shuíomh idirlín na scoile, nó trí shuíomh idirlín na ROE nó cuirfidh an scoil ar fáil iad ach iad a iarraidh.

**Nóta:** Níl sé i gceist go mbeadh an liosta thuas ina liosta uileghabhálach. Cuirfidh Boird Bhainistíochta ar leith san áireamh sa rannán seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil i gceist.

6. Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé tugtha do gach ball de lucht foirne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do THUSLA agus don Roinn ach ceann a iarraidh.

7. Athbhreithneofar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas seo.

**Nóta Tábhachtach:** Is ceart a thabhairt faoi deara gurb é atá i gceist le riosca i gcomhthéacs na measúnachta riosca seo ná an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus nach é an riosca ginearálta i leith sláinte agus sábháilteachta atá i gceist. Leagtar amach an tsainmhíniú ar an "díobháil" i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.*

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha
Cathaoirleach ar Bhord Bhainistíochta
Dáta: 4/11/2019

Sínithe: Gearóidín Ní C...
Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta
Dáta: 4/11/2019

## Aguisín 1:

## Liosta Seiceála chun an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a Athbhreithniú

Tá ceangal ar an mBord Bainistíochta faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* tabhairt faoi athbhreithniú ar a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí agus go mbainfear leas as an liosta seiceála seo a leanas chun na críche sin. Caithfear an t-athbhreithniú a chur i gcrích gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas. Trí athbhreithniú a dhéanamh cinnteoidh an scoil chomh maith go bhfuil sí ag sásamh na hoibleagáide reachtúla atá uirthi faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú gach dhá bhliain.

Tá an liosta seiceála seo ceaptha mar chúnamh chun an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina liosta uileghabhálach de na ceisteanna atá le machnamh. Cuirfidh Boird Bhainistíochta ar leith san áireamh sa liosta seiceála nithe eile atá ábhartha don scoil i gceist.

Mar chuid den phróiseas foriomlán athbhreithnithe, is ceart do Bhoird Bhainistíochta beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha de chuid na scoile a mheas féachaint an bhfuil siad ag cloí le prionsabail an dea-chleachtais cosanta agus leasa leanaí de réir mar atá siad leagtha amach i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.*

| | Tá/Níl |
|---|---|
| 1. An bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá de réir na *Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017*? | Tá |
| 2. Mar chuid de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí, an bhfuil glactha go foirmiuil ag an mBord, gan athrú ná leasú, leis na *Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017*? | Tá |
| 3. An bhfuil measúnacht scríofa riosca san áireamh i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí de réir mar a fhorálann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015? | Tá |
| 4. An bhfuil an mheasúnacht scríofa riosca athbhreithnithe agus nuashonraithe ag an mBord áit is gá mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo? | Tá |
| 5. An bhfuil freastalta ag an DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil? | Tá |
| 6. An bhfuil freastalta ag an Leas-DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil? | Tá |
| 7. An bhfuil freastalta ag comhaltaí ar bith den Bhord ar oiliúint maidir le cosaint leanaí? | Tá |
| 8. An bhfuil DIA mar aon le Leas-DIA ceaptha faoi láthair? | Níl |
| 9. An bhfuil na sonraí teagmhála bainteacha (TUSLA agus an Garda Síochána) ar láimh? | Tá |
| 10. An bhfuil socruithe ar bun ag an mBord chun Ráiteas an Bhoird maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar eolas do phearsanra nua scoile? | Tá |
| 11. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil an lucht foirne ar fad curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017* agus an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015? | Tá |

| | |
|---|---|
| 12. An bhfuil Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord ag gach cruinniú den Bhord a tionóladh ó tugadh faoin athbhreithniú is déanaí? | Tá |
| 13. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go ndearna an DIA tuairiscí cosanta leanaí ar bith chuig TUSLA/An Garda Síochána? | Tá |
| 14. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann inar iarr an DIA comhairle ó THUSLA agus, de dheasca na comhairle seo, nach ndearnadh tuairisc ar bith chuig an FSS? | Tá |
| 15. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann ina ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí in aghaidh baill ar bith de lucht foirne na scoile? | Níl |
| 16. An bhfuil na cáipéisí go léir a bhaineann le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord agus an bhfuil siad go léir athbhreithnithe ag an mBord? | Tá |
| 17. An bhfuil an Bord cinnte de gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig TUSLA/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air? | Tá |
| 18. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil gach beart cuí á dhéanamh nó déanta i ndáil le ball ar bith de lucht foirne na scoile a ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí ina (h)aghaidh ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí?* | Tá |
| 19. An bhfuil tuairiscí maidir le cosaint leanaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird breactha mar is cóir i miontuairiscí an Bhoird? | Tá |
| 20. An bhfuil an Bord cinnte de go ndéantar na taifid ar fad maidir le cosaint leanaí a chur ar comhad mar ba chóir agus a choinneáil i dtaisce go sábháilte? | Tá |
| 21. An bhfuil fógra faighte ag an mBord ó thuismitheoir ar bith maidir le gan an fógra caighdeánach atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 bheith faighte ag an tuismitheoir sin? | Níl |
| 22. Maidir le cásanna ar bith a sonraíodh ag ceist 21 thuas, an bhfuil cinntithe ag an mBord gur chuir an DIA amach ina dhiaidh sin fógraí ar bith atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017? | N/A |
| 23. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dá leithéid)? | Tá |
| 24. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil don phátrún? | Tá |
| 25. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do na tuismitheoirí ar a iarraidh? | Tá |
| 26. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an clár Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le bunscoileanna) | Tá |
| 27. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le hiar-bhunscoileanna) | Tá |
| 28. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an curaclam OSPS á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? | Tá |
| 29. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána i ndáil le gach duine d'fhoireann na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)? * | Tá |
| 30. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le dearbhú reachtúil i ndáil le cosaint leanaí a chur ar fáil agus maidir le gealltanas bainteach a thabhairt, i gcás gach duine a ceapadh i bpost múinteoireachta nó i bpost nach post múinteoireachta atá ann?* | Tá |
| 31. An bhfuil an Bord cinnte de go mbíonn, ó thaobh cúrsaí cosaint leanaí de, nósanna imeachta críochnúla á gcur i bhfeidhm ag an scoil i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le lucht foirne iomlán na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)?* | Tá |
| 32. An bhfuil machnamh déanta agus aghaidh tugtha ag an mBord ar aon ghearáin nó moltaí ar mhaithe le feabhsú i ndáil le Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí? | Tá |

| | |
|---|---|
| 33. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na tuismitheoirí maidir le géilliúlacht na scoile le riachtanais cumhdaithe leanaí na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017? | Tá |
| 34. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na daltaí maidir le socruithe na scoile don chumhdach leanaí? | Tá |
| 35. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 á gcur i bhfeidhm go hiomlán agus go leordhóthanach sa scoil? | Tá |
| 36. An bhfuil sonraithe ag an mBord go bhfuil gné ar bith de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar gá feabhas breise ina leith? | Tá |
| 37. An bhfuil plean gníomhaíochta lena n-áirítear tráthchláir oiriúnacha curtha ar bun ag an mBord d'fhonn dul i ngleic leis na gnéithe sin de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar sonraíodh gur gá feabhas breise ina leith? | Tá |
| 38. An bhfuil cinntithe ag an mBord go ndeachthas i ngleic go leordhóthanach le haon réimse ar sonraíodh le linn athbhreithnithe roimhe seo ar Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí go bhféadfaí feabhas a dhéanamh ina leith? | Tá |

*I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna ina fhostóir, is ar an mBord Oideachais agus Oiliúna i gceist atá an fhreagracht na riachtanais sin atá ar an bhfostóir a chomhlíonadh. Insna cásanna sin, ba chóir an cheist sin a chur i gcrích ar dhul i gcomhairle leis an mBord Oideachais agus Oiliúna.

Sínithe Tomás Ó Toirdealbhá                Dáta 4/11/2019

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe Gearóidín Ní C                Dáta 4/11/2019

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta

## Aguisín 2:

## Fógra maidir le hAthbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí

Chuig: B.O.O.G.R.

Is mian le Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín a chur in iúl duit:

- Cuireadh i gcrích athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ag cruinniú an Bhoird ar__ [dáta].

- Rinneadh an t-athbhreithniú seo de réir "Seicliosta d'Athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí" atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne www.education.ie

Sínithe Tomas Ó Coisdealbha Dáta 4/11/2019.

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe Gearóidín Ní [illegible] Dáta 4/11/2019

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta

# Aguisín 3:

# Measúnacht Riosca maidir le Caomhnú Leanaí Coláiste Naomh Feichín

## Measúnacht Scríofa Choláiste Naomh Feichín

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an cheanglais i gCaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017,* is mar seo a leanas an Mheasúnacht Riosca Scríofa Choláiste Naomh Feichín.

1. **Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile**

- Teacht agus imeacht na ndaltaí gach lá
- Sos bheag, am lón, am roimh agus i ndiaidh na scoile na daltaí
- Múineadh sa seomra ranga
- Múineadh duine-le-duine
- Comhairliú duine-le-duine
- Gníomhaíochtaí múinte amuigh faoin spéir
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Turais scoile a bhfuil cuairt thar oíche ag gabháil leo
- Turais scoile a bhfuil taisteal thar lear ag gabháil leo
- Úsáid ionad leithris/malartaithe/i scoileanna
- Ócáidí tiomsaithe airgid a mbíonn daltaí gafa leo
- Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile do ghníomhaíochtaí scoile
- Úsáid Halla Pobail Chorr na Móna
- Úsáid Páirc Imeartha Chorr na Móna
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dlúthchúram áit is gá
- Iompraíocht dhúshlánach i measc daltaí a bhainistiú, úsáid chuí srianta áit is gá
- Dáileadh Cógais
- Dáileadh Garchabhrach
- Soláthar curaclaim i leith OSPS, OCG, Bí Sábháilte
- Bulaíocht a chosc agus caitheamh leis an mbulaíocht i measc na ndaltaí
- Oiliúint na foirne scoile maidir le cúrsaí cosanta leanaí
- Úsáid foirne lasmuigh den scoil chun an curaclam a fhorlíonadh
- Úsáid foirne lasmuigh chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile
- Cúram daltaí a bhfuil soghontachtaí/riachtanais shainiúla acu de nós
  - Daltaí de bhunadh mionlach eitneach/imircigh
  - Baill den Lucht Siúil

- Leanaí atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach
- Daltaí a mheastar a bheith leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach
- Daltaí a bhaineann le creidimh reiligiúnacha mionlaigh
- Leanaí i gcúram

- Earcú foirne scoile ar a n-áirítear - -
  - Múinteoirí/CRSanna
  - Feighlí/Rúnaí/Glantóirí
  - Cóitseálaithe Spóirt
  - Teagascóirí Seachtracha /Aoi-Chainteoirí
  - Oibrithe deonacha /Tuismitheoirí i mbun gníomhaíochtaí scoile
  - Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile
  - Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil tar éis gníomhaíochtaí scoile
- Rannpháirtíocht ag daltaí i searmanais reiligiúnacha /teagasc reiligiúnach atá seachtrach ón scoil
- Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag na daltaí ar scoil
- Cur i bhfeidhm pionós faoi Chód Iompraíochta na scoile coinneáil istigh daltaí, coigistiú fón etc san áireamh
- Mic léinn atá rannpháirteach in taithí oibre sa scoil
- Mic léinn as an scoil atá rannpháirteach in taithí oibre in áiteanna eile
- Ábhar múinteora atá ag déanamh socraíochtaí oiliúna sa scoil
- Úsáid físeán/fótagrafaíochta/meán eile chun ócáidí scoile a thaifead
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile tar éis uaireanta scoile
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile le linn an lae scoile
- Staidéar tráthnóna

**2. Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an scoil i leith a cuid gníomhaíochtaí**

- An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile
- An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile
- An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha
- An riosca go ndéanfaí díobhála ag dul chuig agus ó Halla Phobail Chorr na Móna
- An riosca go ndéanfaí díobhála ag dul chuig agus ó Pháirc Imeartha Phobail Chorr na Móna
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó aosach

- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith orthu
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh agus dlúthchúram á fháil ag an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag déanamh cumarsáide le daltaí go míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile

3. **Tá na nósanna imeachta seo a leanas ar bun ag an scoil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála atá sonraithe sa mheasúnacht seo –**
   - Tá cóip de *Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
   - Tá cóip de *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
   - Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*
   - Cuireann an scoil an curaclam OSPS i bhfeidhm go hiomlán
   - Cuireann an scoil Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm go hiomlán
   - Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* na Roinne
   - Tá beartas maoirseachta ar an gclós nó ar an áit súgartha ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc.
   - Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith éirí ón scoil
   - Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil
   - Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gciorclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
   - Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)
   - Cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
   - Tá beartas Riachtanas Speisialta Oideachais ag an scoil
   - Tá beartas/plean don dlúthchúram ag an scoil i leith daltaí a bhfuil cúram dá leithéid uathu
   - Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh cógais ar dhaltaí

- Tá na nithe seo a leanas déanta ag an scoil – o Tá cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
  - o Cinntíonn an scoil go bhfuil cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball nua d'fhoireann na scoile o Spreagtar lucht foirne chun leas a bhaint as oiliúint chuí
  - o Spreagtar comhaltaí an bhoird bhainistíochta leas a bhaint as oiliúint chuí o Coimeádann an scoil taifid de gach oiliúint a chuirtear ar an bhfoireann agus ar chomhaltaí den bhord
- Tá cóid iompraíochta ag an scoil do dhaltaí
- Tá beartas fóin phóca ar bun ag an scoil i leith úsáide fón póca ag daltaí
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil ar bun ag an scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide daoine seachtracha chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith mac léinn atá ag tabhairt faoin taithí oibre sa scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith daltaí as an scoil atá ag tabhairt faoin taithí oibre in eagraíochtaí seachtracha

**Nóta Tábhachtach:** Is ceart a thabhairt faoi deara gurb é atá i gceist le baol i gcomhthéacs na measúnachta riosca seo ná an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus nach é an riosca ginearálta i leith sláinte agus sábháilteachta atá i gceist. Leagtar amach an tsainmhíniú ar an "díobháil" i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.*

Agus é ag tabhairt faoin measúnacht riosca seo, tá gach dícheall déanta ag an mbord bainistíochta chun a shonrú sa mhéid gur féidir é na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil agus chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta leordhóthanacha ar bun chun gach riosca atá sonraithe a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnacht riosca seo ar bun ag an scoil chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú sa mhéid gur féidir é.

Chuir an Bord Bainistíochta an mheasúnacht riosca seo i gcrích ar ____________________.
Athbhreithneofar é mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Ráiteas na Scoile maidir le Cumhdach Leanaí

Sínithe ________________ Dáta 4/11/2019

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe ________________ Dáta 4/11/2019

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta

## Aguisín 4:

### Cleachtais Laethúil

*Luaitear thíos cuid de na nithe a thagann suas le linn an scoilbhliain maidir le cúrsaí cosanta leanaí. Cuirfear leis an liosta thíos agus déanfar athbhreithniú air nuair is gá agus déanfar é a fhaomhnú ag cruinniú de Bhord Bainistíochta na scoile agus ag cruinniú de Bhord Oideachais & Oiliúna Gaillimh agus Ros Comáin.*

**Tuarisciú**

Déanfar gach cúis imní/faisnéisiú faoi chosaint agus leas leanaí a thuairisciú don Duine Idirchaidreamh Ainmnithe sa scoil. Tá sé de dhualgas ar an Duine Idirchaidreamh Ainmnithe na scoile feidhmiú de réir nósanna imeachta Cosanta Leanaí sa chás seo.

Déanfaidh an té atá ag tuairisciú do Duine Idirchaidreamh Ainmnithe na scoile an dáta a chur le gach tuairisc agus í a shíniú.

**Feitheoireacht**

Déanfar chuile iarracht go mbeidh leibhéal ard feitheoireacht a dhéanamh ar scoláirí i rith an lá scoile. Crochfar liosta feitheoireachta san oifig agus sa seomra foirne ag tús an scoilbhliain. Bíonn beirt múinteoirí ar dualgais le linn an sos bheag agus ag am lón. Bíonn múinteoir amháin ar dualgas taobh amuigh sa chlós agus múinteoir eile taobh istigh i bhfoirgnimh na scoile. Bíonn múinteoir ar dualgas ar maidin ón 8.30 agus duine ar dualgas chomh maith i ndiaidh na scoile suas go 4.00. Moltar do na feitheoirí a bheith ag síor ghluaiseacht timpeall na scoile.

**Maidir le clubanna staidéar agus eile tar éis na scoile.**

a. Níl sé ceadaithe an Teagascóir agus an gasúr nó grúpa a bheith fágtha leo féin i bhfoirgneamh na scoile ag aon am–caithfidh duine eile fásta freagrach nó ainmnithe a bheith i láthair.
b. Tá sé riachtanach go mbeadh an teagascóir agus an gasúr/grúpa feiceálach cibé áit nó seomra ina bhfuil siad.
c. Chun a chinntiú go bhfaigheann an gasúr/grúpa an buntáiste is fearr as an seisiún teagascóireacht, tá sé tábhachtach go mbeadh an áit/ionad/seomra ina bhfuil siad ag obair oiriúnach.
d. Má bhíonn an Teagascóir den tuairim nach bhfuil an ionad oiriúnach nó nach bhfuil ag cloí leis na rialacha, is féidir léi/leis diúltú a dhul ar aghaidh leis an seisiún agus an fhadhb a chur in iúl do Phríomhoide na Scoile.
e. Má bhíonn scoláirí a choinneáil istigh i gcóir ranganna breise i ndiaidh na scoile, caithfear céad a fháil ó bhainistíocht na scoile agus céad sa bhreis a fháil ó bhaile.

**Leanaí a bhfuil cúnamh leithris /riachtanais cúram pearsanta:**
Aon uair a bhíonn cúnamh leithris/riachtanais cúram pearsanta ag leanbh tionólfar cruinniú cúraim, roimh chlárú agus sula dtosaíonn an leanbh an scoil, idir tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoir ranga, cúntóir riachtanas speisialta, príomhoide agus más cuí, an dalta. Is é cuspóir an chruinnithe ná chun riachtanais an linbh a fháil amach agus chun na bealaí is fearr ar féidir leis an scoil freastal ar na riachtanais sin a dhéanamh amach.

Cuirfear na comhaltaí foirne a bheidh páirteach sa chúram seo in aithne agus déanfar socraithe d'ócáidí nuair a bheidh na comhaltaí foirne as láthair. Déanfar cóip scríofa den mhéid a chomhaontófar agus coinneofar i gcomhad an linbh é.

Cé go ndéanfar chuile iarracht beirt chomhaltaí foirne a bheith i láthair nuair a bheifear ag déileáil le cúram pearsanta/cúnamh leithris beidh amanna ann nach dtarlóidh sé seo agus déanfar é seo a phlé leis na tuismitheoirí. Déanfar taifead ar aon nós imeachta a imíonn ón gcleachtas agus cuirfear in iúl don teagmhálaí ainmnithe agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí é.

**Cuairteoirí**
Caithfidh cuairteoirí gan choinne dul chuig oifig na scoile ar theacht isteach dhóibh ar shuíomh na scoile. Cuirfidh múinteoirí/foireann eile na scoile é seo in iúl don chuairteoir.

**Aoi chainteoirí**
Ar na h-ócáidí a bhíonn aoi chainteoirí istigh ag labhairt le scoláirí na scoile, beidh múinteoir ón scoil i láthair i gcónaí ag an gcur i láthair. Maidir le aoi- chainteoirí istigh ag déileáil le cúrsaí oideachais sóisialta, pearsanta agus sláinte, leanfar an treoir thuasluaite agus cuirfear cóip de chleachtais oibre chosanta leanaí na scoile ar fáil dhóibh.

**Scoláirí ag siniú isteach/amach**
Caithfidh scoláirí a bhíonn déanach chuig na scoile an leabhar sínithe isteach a shíniú ar theacht isteach chuig na scoile. Ós a choinn sin, caithfear nóta mínithe ón tuismitheoir/caomhnóir a chur ar fáil. Má bhíonn ar scoláire an scoil a fhágáil i rith an lae, caithfidh sé/sí agus an tuismitheoir/caomhnóir an leabhar sínithe amach a shíniú san oifig. Caithfear nóta ón tuismitheoir a bheith istigh i ndialann an scoláire nó glaoch ón baile ar maidin roimh thús na ranganna.

**Bulaíocht**
Ní ghlacfar le bulaíocht de shaghas ar bith i gColáiste Naomh Feichín. Déileofar le cúrsaí bulaíocht faoi Pholasaí frithbhulaíocht na scoile agus más gá Cód Iompar na scoile.

**Iompar**
Moltar do scoláirí i gcónaí ómós a thaispeáint dóibh féin agus do dhaoine eile. Tá soiléiriú ar seo i gCód Iompar na scoile.

**Carranna Foireann teagaisc na scoile**

Ar na h-ócáidí neamhchoitianta sin a bhíonn carr múinteoir le n-úsáid, ní thógfar scoláire leo féin sa charr muna cás éigeandála é.

**Múinteoireacht duine le duine**
Déanfar chuile iarracht múinteoireacht duine le duine a sheachaint. Beidh ar a laghad beirt scoláire i láthair nó i gcás cruinniú go mbeidh beirt ball den fhoireann i láthair. Sna cásanna nach féidir é seo a sheachaint, fágfar an doras ar oscailt nó beidh plána gloine sa doras.

**Traenálaí foirne**
Ní chóir mar riail go rachadh traenálaí foireann isteach i seomra feistis an ghnéas eile. Má tharlaíonn sé go gcaithfidh sé/sí dul isteach sa seomra feistis chun labhairt leis na scoláirí, ba chóir an chéad a bheith faighte aige/aici ó baill foirne an ghnéas chéanna nó ó thuismitheoir. Má bhíonn air/uirthi dul isteach tar éis traenáil/cluiche, ba chóir dó/di cnag a bhuaileadh ar an doras lena chinntiú go bhfuil gach scoláire tar éis an seomra a fhágáil agus rabhadh ó bhéil a thabhairt chomh maith.

**Turais scoile/Turas thar oíche/cluichí**
Déanfar chuile iarracht go gcuirfear líon shásúil feitheoireacht ar fáil le linn do scoláirí a bheith ar thurais scoile/cluichí. Ardóidh líon na bhfeitheoirí/daoine fásta freagrach má ardaíonn an chontúirt a bhaineann leis an imeacht.

Beidh céad le fáil ó thuismitheoirí/caomhnóirí má bhíonn an scoil ag dul ar thuras thar oíche. Iniata leis an gcéad sin, glacfaidh an scoláire agus tuismitheoir/caomhnóir le cód iompar na scoile agus cuirfear ar fáil don scoil aon riachtanais sláinte a bhaineas leis an scoláire. Síneoidh an scoláire agus an tuismitheoir/caomhnóir an fhoirm cheadaithe.

**Cúrsaí sláinte/leigheas**

a. Nuair a bhíonn ar bhall foirne comhair leighis/céad chabhair a chur ar pháiste cinntítear go ndéanfar é in áit poiblí m.s. lasmuigh de dhoras na hoifige..
   Más rud é go bhfuil scoláire ag tógáil leighis, caithfear na múinteoirí a bheith ar an eolas faoi. **Is é polasaí an Choláiste gan aon druga leigheas a thabhairt do scoláire ar bith. Ní cheadófar do scoláire druga leigheas a thógáil sa Choláiste, gan cead scríofa ó thuiste a bheith curtha ar fáil don Choláiste. Déanfar teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir má bhíonn scoláire tinn nó gortaithe.**

b. Má tharlaíonn timpiste do scoláire, cuirfear tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas láithreach nó déanfar socrú cuí. Líonfaidh an múinteoir a bhí i láthair foirm - tuairisc ar thimpiste chomh luath agus is féidir, agus gheobhaidh sé/sí eolas ó fhinné eile a bhí i láthair.

c. Tá ceist ar an bhfoirm iontrála a iarrann eolas faoi fhadhbanna sláinte atá ag scoláire. Cuirfear údaráis agus múinteoirí an Choláiste ar an eolas faoi más rud é go bhfuil aon fhadhbanna sláinte m.sh. epilepsy, diaibéiteas. Ba chóir go mbeadh eolas ar fáil do mhúinteoirí, de bhreoiteachtaí atá ar scoláire cláraithe conas cabhrú leis an scoláire sin.

d. I gcás scoláire le ailléirgí(allergies), ba chóir don tuismitheoir eolas cuí ina thaobh a chur ar fáil d'údaráis agus do mhúinteoirí an Choláiste.

**Foireann teagaisc nua/Lucht oibre nua**
Tá freagracht ar an Duine Idirchaidreamh Ainmnithe foireann teagaisc nua/lucht oibre nua a chur ar an eolas faoi pholasaí Chosanta leanaí na scoile agus Nósanna Imeachta ar chúrsaí chosanta leanaí.

**Pictiúir Scoláirí**

Is cuid thábhachtach de shaol na scoile pictiúir a thógáil de scoláirí agus iad i mbun oibre de shaghas éigin nó ag imeacht éigin bainteach leis an scoil. Úsáidtear na pictiúir seo do nuachtlitir na scoile nó suíomh idirlíon na scoile mar shampla.

Tá imní pobal na scoile ag dul i méid i dtaobh mí-úsáid phictiúir. Dá bhrí sin, tá treoirlínte leagtha síos chun ómós a léiriú do Phríobháideachas an duine agus ós a choinn sin gan scoláirí a chur i mbaol.

a. Lorgaíonn an scoil cead ó thuismitheoir/caomhnóir an scoláire chun pictiúir a thógáil de scoláirí agus iad i mbun obair scoile nó ag imeacht éigin bainteach le saol na scoile. Déanfar é seo nuair a líonann an tuismitheoir/caomhnóir amach an fhoirm iontrála chun áit a fháil i gColáiste Naomh Feichín.
b. Go ginearálta, níor chóir scoláire aonar a ainmniú i bpictiúr ach ar ócáid ina bhfuil aitheantas poiblí ar fáil acu(Mar shampla, éacht scoile nó duais de shaghas éigin).Ní thabharfar amach aon sonraí bhreise.
c. Féach mar shampla Polasaí scoile ar mhí-úsáid an idirlíon.
d. Cé go bhfuil céad ag scoláirí fón póca a bheith acu ar scoil, caithfidh sé a bheith múchta i rith an lae ar scoil.

**Tinreamh scoile**

Déanfar monatóireacht chúramach ar thinreamh na scoláirí ar scoil. Tabharfar teastas ag deireadh an scoilbhliain dóibh siúd nár chaill lá ar bith ar scoil. Coinnítear an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais ar an eolas faoi scoláirí ar bith a bhfuil imní ag an scoil fúthu. Cuirfear litir abhaile ag tuismitheoir le mac/iníon atá tar éis 10 lá/20 lá a chailleadh ón scoil., Cuirfear téacs abhaile ag tuismitheoir ar maidin má tá a mac/iníon as láthair gan údar. Cuirfear an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais ar an eolas má chailleann scoláire 20 lá ón scoil.

**Scoláirí ar thaithí oibre**

Tabharfar eolas ar dhátaí Taithí Oibre do thuismitheoirí sula rachaidh scoláirí amach ar thaithí oibre. Mar eolas don fostóir, tabharfar cóip do árachas na scoile dhó maraon le cóip de pholasaí chosaint leanaí na scoile.

Tá sé cinntithe ag an mBord go bhfuil na polasaithe, prótacail nó cleachtais, de réir mar is cuí, curtha i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na nithe thuasluaite.

## Aguisín 5:

**Tuairisc an Bhoird**

**Coláiste Naomh Feichín**

**Dáta:**

**Líomhaintí faoi mhí-úsáid i gcoinne phearsanra scoile:**
**Seo a leanas an t-eolas cuí ó chruinniú deireanach an Bhoird:**

| | |
|---|---|
| ☐ An líon tuairiscí a rinneadh do TUSLA ó bhí an cruinniú deireanach boird ann maidir le líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile, | |
| ☐ An líon cásanna ó bhí an cruinniú deireanach boird ann, nuair a d'iarr an DIA ó TUSLA maidir le líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile agus nár thuairiscigh an DIA an cás, bunaithe ar chomhairle TUSLA, | |
| ☐ An líon cásanna ó bhí an cruinniú deireanach boird ann, nuair a rinneadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile agus nár iarr an DIA comhairle ó TUSLA ar an gcás agus nár thuairiscigh DIA an cás do TUSLA, | |
| ☐ An líon cásanna ó bhí an cruinniú deireanach boird ann, nuair a rinneadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball den lucht foirne scoile agus nár thuairiscigh an DIA an cás do TUSLA agus nuair a chomhairligh TUSLA don DIA gur chóir é a thuairisciú, | |
| ☐ Nach raibh aon chás amhail (a), (b), (c) nó (d) thuas, | |

**Cúiseanna eile imní Chosaint Páistí**

**Seo a leanas líon na gcásanna faoi cheannteidil chuí ón gcruinniú deireanach.**

| | | |
|---|---|---|
| ☐ | Líon na dtuairiscí a déanadh le TUSLA faoi líomhaintí mhí-úsáide nár bhain le duine de phearsanra scoile. | |
| ☐ | Líon na gcásanna inar sheol duine do phearsanra scoile tuairisc go TUSLA inar choinnigh an DIA nár fiú é a thuairisciú. | |
| ☐ | Méid na gcásanna inár lorg an DIA comhairle TUSLA faoi imní faoi pháiste sa scoil agus gur thug TUSLA comhairle nár chóir an t-ábhar a thuairisciú. | |
| ☐ | Líon na gcásanna inar lorg an DIA comhairle TUSLA faoi ábhar buartha faoi pháiste sa scoil agus gur thug TUSLA comhairle gur chóir é a thuairisciú agus nár dhein an DIA an t-ábhar sin a thuairisciú. | |

**Cúiseanna Imní chosaint páistí ag eirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí**

**Seo a leanas líon na gcásanna faoi cheannteidil cuí ón gcruinniú deireanach.**

| | | |
|---|---|---|
| ☐ | Líon na gcásanna inár thuairiscigh an DIA cúis imní faoi pháiste ag éirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí. | |
| ☐ | Líon na gcásanna inár lorg an DIA comhairle TUSLA faoi ar chóir cúis imní faoi pháiste ag eirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí a thuairisciú. | |

**Achoimre sonraithe i dtaobh tuairisciú**

| | | |
|---|---|---|
| ☐ | Líon iomlán na dtuairiscí déanta, ón gcruinniú deireanach den Bhord Bainistíochta, do TUSLA ag an DIA | |
| ☐ | Líon na dtuairiscí sainordaithe ó chruinniú deireanach den Bhord Bainistíochta. | |
| ☐ | Líon iomlán na gcásanna, ón gcruinniú deireanach Boird, inar lorg an DIA comhairle ó TUSLA agus de thoradh na comhairle seo nár déanadh aon tuairisciú ag an DIA. | |
| ☐ | Líon iomlán cásanna, ó bhí an cruinniú bord bainistíochta deireanach ann, inar thug ball den lucht foirne scoile cóip de thuairisc don DIA a chuir an duine sin faoi bhráid TUSLA maidir le cás ar mheas an DIA nár ghá tuairisciú ina leith nó nár ghá tuairisciú ina leith mar thuairisc faoi shainordú agus cé acu a bhain nó nár bhain aon chás díobh le ball den lucht foirne scoile | |

**Nóta Tábhachtach faoin achoimre sonraithe thuas:** Tabhair faoi deara go ndéanann achoimre sonraithe faoin mírcheann seo tagairt ar an líon cásanna/tuairiscí á árdaíodh ón gcruinniú Bord Bainistíochta deireanach agus de réir sin, ní achoimre é de líon na cásanna/tuairiscí atá taifid orthu faoi na céad trí cinn teideal de Tuairisc Caomhnú Leanaí an Phríomhoide.

**Le cur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta**

1) Cóipeanna de na taifid agus de na nótaí ar fad a bhaineann le conas a fuair an DIA amach faoin ábhar imní

2) Cóipeanna d'aon taifid ná de nótaí a bhaineann le comhairle a iarraidh ar TUSLA a bhaineann leis an ábhar imní agus leis an gcomhairle a tugadh

3) Cóipeanna d'aon tuairisc a chuir aon bhall den lucht foirne scoile faoi bhráid TUSLA a bhaineann leis an ábhar imní

4) Cóipeanna d'aon taifid chumarsáide le TUSLA, An Garda Síochána nó le haon pháirtí eile a bhaineann leis an ábhar imní (lena n-áirítear aon admháil ag TUSLA go bhfuair siad an tuairisc)

## Aguisín 6:

**Sónraí Teagmhála Tábhachtach**

- Oifigí Oibrigh Shóísialta: 091 546228 / 091 552200
- Gardaí Cathair na Gaillimhe: 091 538000
- Gardaí an Mám/an Clochán : 091 571100
- Dochtúirí/Ionad Sláinte: 094 9546434
- Ospidéal na Gaillimhe: 091 580580
- Síceolaí NEPS: Ruairí ó Beara: 091 864519/ 087 7807286
- CAMHS Iarthar na Gaillimhe: 091 580100